Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13975/22**
**ADD 1**

**ENV 1060**
**AGRI 577**
**FORETS 104**
**PECHE 416**
**POLMAR 67**
**PI 138**
**ONU 125**
**RECH 562**
**CADREFIN 187**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 24 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13784/1/22 REV 1 |
| Ábhar: | An Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD):<br>• An 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe (COP 15) in CBD<br>• An deichiú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Cartagena maidir leis an mBithshábháilteacht (COP-MOP 10)<br>• An ceathrú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Nagoya maidir le Rochtain agus Comhroinnt Tairbhí (COP-MOP 4)<br>• (Montréal, Ceanada, an 7 – 19 Nollaig 2022)<br>– Conclúidí ón gComhairle<br>= Ráiteas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo ráiteas ón Ungáir maidir leis na conclúidí ón gComhairle a d'fhormheas an Chomhairle an 24 Deireadh Fómhair 2022.

Cuirfear an ráiteas i miontuairiscí chruinniú na Comhairle.

## AN UNGÁIR

Aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn i gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta. Is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, léirmhíníonn an Ungáir ar inscne mar dheiseanna agus mar chomhdheiseanna a chur ar fáil do mhná agus d'fhir.

Maidir le mír 8 de na *Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle faoin gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD)*, cuireann an Ungáir in iúl nach féidir tacú le glacadh na ndréachtchonclúidí ón gComhairle a léirmhíniú mar thacaíocht do Phlean Gníomhaíochta iar-2020 maidir le hInscne. Ní mian leis an Ungáir teacht roimh thoradh na caibidlíochta atá fós ar bun maidir leis an bPlean Gníomhaíochta iar-2020 maidir le hInscne. De bhrí nach fios fós ábhar deiridh an Phlean Gníomhaíochta maidir le hInscne, forchoimeádann an Ungáir an ceart a seasamh críochnaitheach a bhunú nuair a ghlacfar an Plean Gníomhaíochta iar-2020 maidir le hInscne go hoifigiúil.